Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Feabhra 2020**
**(OR. en)**

**6232/20**

**BETREG 7**
**IA 15**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 27 Feabhra 2020 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5964/20 |
| Ábhar: | Conclúidí maidir le Rialáil Níos Fearr “Iomaíochas agus Fás Cuimsitheach Inbhuanaithe a Áirithiú”*(Gníomhaíocht neamhreachtach)* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí maidir le Rialáil Níos Fearr "Iomaíochas agus Fás Cuimsitheach Inbhuanaithe a Áirithiú" (Gníomhaíocht neamhreachtach) mar a ghlac an Comhairle (Iomaíochas) iad ag a cruinniú an 27 Feabhra 2020.

**IARSCRÍBHINN**

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE RIALÁIL NÍOS FEARR "IOMAÍOCHAS AGUS FÁS CUIMSITHEACH INBHUANAITHE A ÁIRITHIÚ"

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS:

**CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS** go bhfuil Rialáil Níos Fearr ar cheann de na nithe is mó a spreagann fás cuimsitheach inbhuanaithe, a chothaíonn iomaíochas, nuálaíocht, digitiú agus cruthú post, a chuireann le trédhearcacht agus a áirithíonn tacaíocht an phobail do reachtaíocht an Aontais;

**ATHDHEARBHAÍONN SÍ** gur gá a áirithiú go mbeidh an rialáil a dhéanann an tAontas Eorpach trédhearcach, simplí agus go ndéanfar í ar an gcostas is lú is féidir agus go gcuirfear san áireamh i gcónaí gur gá go mbeadh leibhéal ard cosanta ann do thomhaltóirí, sláinte, an aeráid agus an comhshaol agus fostaithe;

**CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS** an ról tábhachtach atá ag Rialáil Níos Fearr maidir le cuspóir na haeráidneodrachta a chomhlíonadh;

**MEABHRAÍTEAR DI** an nasc idir Rialáil Níos Fearr agus cur chun feidhme, cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú dhlí an Aontais ar mhaithe le reachtóireacht níos fearr ar leibhéal an Aontais agus Margadh Aonair a bheadh lánfheidhmiúil.

**MEABHRAÍTEAR DI** na Conclúidí ón gComhairle ó mhí na Nollag 2014[1], ó mhí Bhealtaine 2016[2], ó mhí na Samhna 2018[3] agus ó mhí na Samhna 2019[4];

**MEABHRAÍTEAR DI** an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún dar teideal "*Better regulation: taking stock and sustaining our commitment*" [Rialáil Níos Fearr: ár dtiomantas a mheas agus a chothú] Aibreán 2019 [5].

---

1 16000/14
2 9580/16
3 14137/18
4 14656/19
5 COM/2019/178 final

**Measúnú Tionchair**

1. **IS DÍOL SÁSAIMH DI** tiomantas leanúnach an Choimisiúin do chleachtas ceaptha beartais atá bunaithe ar fhianaise;

   **ATHDHEARBHAÍONN SÍ** a thábhachtaí atá sé scrúdú a dhéanamh i gcónaí ar thograí reachtacha ón gCoimisiún in éineacht leis an measúnú tionchar comhfhreagrach mar a leagtar amach sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr;

2. **CUIREANN SÍ I dTREIS** gur cheart, chun éifeachtúlacht a mhéadú, go ndéanfadh bearta i dtograí nua cearta bunúsacha agus comhionannas os comhair an dlí, chomh maith le prionsabail na coimhdeachta, na comhréireachta agus na deimhneachta dlíthiúla, a urramú i gcónaí agus, go háirithe, riachtanais na bhfiontar beag agus meánmhéide (FBManna) agus na micrifhiontar a chur san áireamh;

3. **CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR** a thábhachtaí atá sé na tionchair a bhaineann le rialáil an Aontais a thomhas, agus na costais agus na sochair araon á gcur san áireamh;

4. **CUIREANN SÍ I dTREIS** a thábhachtaí atá cur i bhfeidhm córasach an phrionsabail "smaoinigh ar fhiontair bheaga ar dtús", phrionsabal na nuálaíochta agus an phrionsabail 'digiteach mar réamhshocrú', mar chuid den chur chuige comhtháite;

   **IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún na prionsabail sin a chur i bhfeidhm ag céim an fhoirmlithe beartais agus seiceálacha córasacha a dhéanamh ar iarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag a thograí reachtacha ar FBManna, nuálaíocht, digitiú agus ar an inbhuanaitheacht i gcásanna inarb ábhartha, sna measúnuithe tionchar a dhéanann sé, agus mínithe a thabhairt nuair nach meastar tionchar na dtosca sin a bheith ábhartha;

   **MEABHRAÍTEAR DI** a thábhachtaí atá prionsabal na nuálaíochta mar a luaitear é sna Conclúidí ón gComhairle mhí na Bealtaine 2016 agus **IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún, in éineacht leis na Ballstáit, an úsáid a bhaintear as an bprionsabal sin agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige a chinneadh a thuilleadh. **MEABHRAÍTEAR DI** freisin an tábhacht atá le prionsabal an réamhchúraim;

5. **IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Mar a shonraítear sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, measúnuithe tionchair a dhéanamh ar na tionscnaimh reachtacha agus neamhreachtacha, na gníomhartha tarmligthe agus na bearta cur chun feidhme ón gCoimisiún a bhfuiltear ag súil go mbeidh tionchair eacnamaíocha, chomhshaoil agus shóisialta acu, agus a áirithiú go mbeidh measúnú tionchair ag gabháil, mar riail ghinearálta, le gach tionscnamh a áirítear i gClár Oibre an Choimisiúin nó sa dearbhú comhpháirteach;

- a bheith trédhearcach maidir leis na critéir a úsáidtear chun a chinneadh an mbeidh tionchar suntasach ag tograí reachtacha agus neamhreachtacha ón gCoimisiún agus ar cheart dá bhrí sin go mbeadh measúnú tionchair ag gabháil leo;

- a mhíniú cén fáth nach féidir cainníochtú na gcostas agus na sochar a dhéanamh sna measúnaithe tionchair a dhéanann an Coimisiún i ndáil lena chuid tograí;

- measúnú feabhsaithe ar thionchair chomhshaoil a áirithiú i leith gach togra ábhartha nua dá bhforáiltear leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus a áirithiú go gcuirfear tionchair eile na dtograí ar gach réimse beartais san áireamh chomh maith céanna;

- cainníochtú agus an ghné cháilíochtúil ina mheasúnuithe tionchair a fheabhsú agus machnamh leordhóthanach a dhéanamh ar na roghanna éagsúla atá ann do ghníomhaíocht de chuid an Aontais;

- a áirithiú go bhfuil an measúnú tionchair arna tharchur chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa in oiriúint don togra reachtach comhfhreagrach agus go gcumhdaíonn sé an togra sin;

- aird chuí a thabhairt ar an bhféidearthacht, ar a thionscnamh féin nó ar iarraidh ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gComhairle, a mheasúnuithe tionchair a chomhlánú nó obair anailíseach bhreise a dhéanamh a mheasann sé a bheith riachtanach, faoi na téarmaí a comhaontaíodh sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, i gcás ina ndéanfaí an togra a athrú go suntasach sa phróiseas reachtach;

– dul i gcomhairle le réimse leathan geallsealbhóirí agus na tograí reachtacha á n-ullmhú;

– feabhas a chur ar shoiléire agus neodracht na gceistneoirí a úsáidtear sa phróiseas comhairliúcháin agus tograí reachtacha á n-ullmhú agus feabhas a chur ar an aiseolas a thugtar do gheallsealbhóirí a ndeachthas i gcomhairle leo ó thaobh ábhair agus tráthúlachta araon de;

6. **ATHDHEARBHAÍONN SÍ,** i gcás ina measann an Chomhairle iomchuí agus riachtanach don phróiseas reachtach é, faoi na téarmaí a comhaontaíodh sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, go ndéanfaidh sí measúnuithe tionchair maidir lena leasuithe suntasacha ar an togra ón gCoimisiún;

**MEABHRAÍTEAR DI** scéim phíolótach na Comhairle maidir le measúnuithe tionchair ar leasuithe suntasacha agus **CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS** á thábhachtaí atá sé leanúint ar aghaidh leis an scéim sin d'fhonn í a chur i bhfeidhm, i gcás inar féidir agus inarb ábhartha, maidir le cásanna nithiúla de leasuithe suntasacha;

**CUIREANN SÍ I dTREIS** a thábhachtaí atá sé go ndéanfar meastóireacht thráthúil ar an scéim phíolótach;

__Grinnscrúdú rialála__

7. **IS DÍOL SÁSAIMH DI** a thiomanta atá an Coimisiún an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála (RSB) a neartú agus **CUIREANN SÍ I dTREIS** a thábhachtaí atá ról RSB sa timthriall beartais;

**TUGANN SÍ DÁ hAIRE**, áfach, an bharúil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa faoina riachtanaí a bheadh sé rúnaíocht thiomanta a bheith ag RSB a bheadh scoite amach ó ordlathas Ardrúnaíocht an Choimisiúin.[6]

**MOLANN SÍ** don Choimisiún deis a thabhairt do RSB trácht a dhéanamh nuair nach bhfuil measúnú tionchair déanta ag an gCoimisiún;

---

6 14137/18

**Éifeachtúlacht rialála**

8. **MEABHRAÍTEAR DI** na Conclúidí ón gComhairle mhí na Bhealtaine 2019[7] inar iarradh gealltanais agus cuspóirí nithiúla i ndáil le hualaí rialála neamhriachtanacha a chosc agus a bhaint. I ndáil leis sin, **TUGANN SÍ DÁ hAIRE** an fógra a rinne an Coimisiún le déanaí go rabhthas chun an ionstraim "ceann amháin isteach, ceann amháin amach" a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm lena áirithiú go ndéanfaí aon ualaí riaracháin nua a thabharfaí isteach a chúiteamh trí chostais riaracháin choibhéiseacha a bhaint de dhaoine agus de ghnólachtaí - go háirithe i gcás FBManna, sa réimse céanna beartais ar leibhéal an Aontais. **CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS** nár cheart, leis an gcur chuige sin, go ndéanfaí caighdeáin shóisialta agus éiceolaíocha a laghdú, agus nár cheart go gcuirfí an cur chuige i bhfeidhm ar bhealach meicniúil ach gur cheart tairbhí na rialála a uasmhéadú do ghnólachtaí agus do shaoránaigh;

**MEABHRAÍTEAR DI** gealltanas na dtrí institiúid na hionstraimí rialála is éifeachtúla a chur chun cinn, amhail comhchuibhiú agus aithint fhrithpháirteach, chun go seachnófar ró-rialáil agus ualaí riaracháin agus chun cuspóirí na gConarthaí a chomhlíonadh.

9. **CUIREANN SÍ I dTREIS** gur cheart go mbeadh cur chuige cáilíochtúil ag gabháil leis an ionstraim "ceann amháin isteach, ceann amháin amach", ina mbeadh dlúth-idirphlé leis na geallsealbhóirí chun a áirithiú go dtiocfadh réitigh a dhéanfadh difear infheicthe dóibh as na hiarrachtaí chun ualaí a laghdú, agus ag an am céanna, nach lagófaí na cuspóirí a shaothraítear leis an reachtaíocht lena mbaineann;

10. **CUIREANN SÍ I dTREIS** a thábhachtaí atá sé simpliú breise agus bearta breise laghdaithe ualaí a fhorbairt i réimsí inarb iomadúil na hualaí sin, i gcomhar leis na comhreachtóirí agus leis na Ballstáit;

11. **MOLANN SÍ** don Choimisiún a áirithiú, nuair a bheidh an ionstraim nua "ceann amháin isteach, ceann amháin amach" á forbairt aige ar leibhéal an Aontais, gur féidir na costais chomhlíontachta agus ualaí riaracháin a chumhdach; **MOLANN SÍ** don Choimisiún sonraí atá ann cheana a úsáid, a mhéid is féidir, chomh maith lena chuid uirlisí bunaithe cheana i ndáil le Rialáil Níos Fearr chun an ionstraim sin a bhunú agus oibriú, rud a d'fhágfadh nach mbeadh ualaí neamhriachtanacha ar na Ballstáit agus ar na geallsealbhóirí; **CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR** gur cheart go bhféadfadh rannchuidiú na mBallstát a bheith ar bhonn saorálach;

---

[7] 9706/19 agus 9743/19

**<u>FBManna, lena n-áirítear micrifhiontair</u>**

12. **CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR** a thábhachtaí atá FBManna, lena n-áirítear micrifhiontair, mar phríomhthiomantóirí na nuálaíochta, an aistrithe ghlais, an digitithe, na fostaíochta, an fháis inbhuanaithe agus chuimsithigh agus an chomhtháthaithe shóisialta inár sochaithe. Ba cheart leasanna agus riachtanais FBManna agus micrifhiontar a shainaithint níos fearr ag gach céim den phróiseas cinnteoireachta ar leibhéal an Aontais, chun a áirithiú go mbeidh an reachtaíocht soiléir intuartha ar íoschostais, agus go mbeidh sí comhréireach le méid na bhfiontar;

13. **AITHNÍONN SÍ** riachtanais FBManna, lena n-áirítear micrifhiontair agus gnólachtaí nuathionscanta, trí leanúint leis an malartú le Líonra Toscairí FBManna agus tríd an bprionsabal 'smaoinigh ar fhiontair bheaga ar dtús' a chur chun feidhme go comhsheasmhach;

14. **IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún straitéis chomhairliúcháin a fhorbairt chun na gníomhaíochtaí, na modhanna agus na huirlisí is iomchuí a chinneadh chun rannpháirtíocht leathan FBManna, go háirithe micrifhiontair, agus na mBallstát sa chomhairliúchán poiblí a áirithiú agus, ag an am céanna, dóthain ama a thabhairt do gheallsealbhóirí leasmhara a gcuid tuairimí a chur in iúl;

15. **IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

- breathnú go córasach ina mheasúnuithe tionchair ar an difear a dhéanann tograí reachtacha do FBManna, go háirithe micrifhiontair, agus tástáil FBM a chur i bhfeidhm nuair is féidir, agus

- sásra a chur chun feidhme chun faireachán agus measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme agus cháilíocht thástáil FBM ar leibhéal an Aontais;

**<u>Cur leis an taithí a fuarthas le hArdán REFIT</u>**

16. **AITHNÍONN SÍ** go raibh Ardán REFIT ina ghné thábhachtach de chreat an Choimisiúin maidir le Rialáil Níos Fearr. **IS DÍOL SÁSAIMH DI** an athbhrandáil agus an t-uasghrádú atá le déanamh ar Ardán REFIT ag an gCoimisiún, chun an sainordú a leathnú le go bhféachfaidh sé le háirithiú go mbeidh rialáil an Aontais digiteach agus é sin mar "réamhshocrú" agus go mbeidh sí slán i bhfad na haimsire; **IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún infheictheacht agus feasacht a áirithiú maidir leis an "Ardán Oiriúnach don Todhchaí" a fógraíodh le déanaí agus a chuirfear in ionad Ardán REFIT mar chuid de chlár oibre an Choimisiúin maidir le Rialáil Níos Fearr, agus iarrann sí air freisin feabhas a chur ar an gcumarsáid leis na geallsealbhóirí;

17. **MOLANN SÍ** go mbeadh níos mó trédhearcachta maidir le roghnú na n-ionadaithe gnó, ionadaithe na gcomhpháirtithe sóisialta agus na sochaí sibhialta, mar aon le réimse níos leithne saineolais agus ionadaíochta geografaí, lena gcuirfí limistéir oileánacha san áireamh, a bheith ag na comhaltaí sin i gcomhréir leis an raon leathan saincheisteanna a bheidh le plé ag comharba Ardán REFIT;

18. **CUIREANN SÍ I dTREIS**, i ndáil le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha a bheith níos líonmhaire san ardán a bheidh ina chomharba ar Ardán REFIT, nach féidir ionadaithe údarás áitiúil nó réigiúnach a chur in ionad ionadaithe na mBallstát;

19. **CUIREANN SÍ I dTREIS** gurb é an breisluach ba mhó a bhí ag Ardán REFIT an fócas a bhí aige ar mholtaí nithiúla ó gheallsealbhóirí maidir le héifeachtúlacht agus éifeachtacht na rialachán de chuid an Aontais atá ann cheana a mhéadú agus, ag an am céanna, an t-ualach atá ar shaoránaigh, ar ghnólachtaí agus ar lucht riaracháin a laghdú agus na caighdeáin chosanta atá ann cheana agus cuspóirí beartais na reachtaíochta a urramú. **CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS** a thábhachtaí atá sé go mbeadh obair chomharba Ardán REFIT dírithe i gcónaí ar na moltaí nithiúla sin i ndáil le simpliú trí reachtaíocht an Aontais atá ann cheana a athbhreithniú agus trína áirithiú go bhfuil sí oiriúnach don ré dhigiteach, agus go ndéanfaí na hualaí a laghdú dá réir sin, agus gur cheart critéir eisiaimh Ardán REFIT a choinneáil agus a urramú i gcomharba Ardán REFIT;

**<u>Athbhreithniú *ex-post* ar reachtaíocht an Aontais</u>**

20. **CUIREANN SÍ I dTREIS** a thábhachtaí atá an t-athbhreithniú ar reachtaíocht an Aontais mar cheann de phríomhghnéithe bheartas an Choimisiúin i ndáil leis an Rialáil Níos Fearr;

21. **MEABHRAÍTEAR DI** na Conclúidí ón gComhairle mhí na Samhna 2018, inar iarradh ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfaí an prionsabal "déantar meastóireacht ar dtús" a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr chun tacar d'íoschaighdeáin cháilíochta a shainiú le haghaidh athbhreithnithe *ex-post* seachas meastóireachtaí agus an ceart a dheonú do RSB athbhreithnithe *ex-post* nach meastóireachtaí iad a ghrinnscrúdú;

22. **CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS** a thábhachtaí don obair a dhéanann an Chomhairle agus don obair leantach atá na hathbhreithnithe *ex-post* arna n-ullmhú ag an gCoimisiún;

**MEABHRAÍTEAR DI** a thábhachtaí atá Clár REFIT i gcoitinne mar chuid thábhachtach de chreat an Choimisiúin um Rialáil Níos Fearr *ex-post*.

---